C/2025/5867

29.10.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2025/5867)

Dírítear aird Joseph Nganzo Olikwa TIPI (uimh. 13), Simon (Salomon) TOKOLONGA (uimh. 25), Jean Pierre NIRAGIRE (Uimh. 26) agus Augustin MIGABO (Uimh. 34), atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle [2] ar an bhfaisnéis seo a leanas a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Faoi chuimsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar bhearta sriantacha, tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine aonair darb uimh. 13, 25, 26 agus 34 a choinneáil, bunaithe ar fhaisnéis bhreise.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis bhreise sin a fháil, **roimh an 5 Samhain 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
[2] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.